



An Bhruiséil, 29 Márta 2019
(OR. en)

7874/19

Comhad Idirinstitiúideach:
2015/0278(COD)

CODEC 788
SOC 247
MI 296
ANTIDISCRIM 6
AUDIO 51

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. Ar an 3 Nollaig 2015, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite¹ faoi bhráid na Comhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 25 Bealtaine 2016².
3. Ar an 13 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis³.

¹ 14799/15 + COR 1 + COR2.

² IO C 303, 19.8.2016, lch. 103.

³ 7174/19.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 81/18 é, a fhorghas mar mhír "A" ar chláir oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhorghasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glactar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
